



An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2022  
(OR. en)

13056/22

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0318(BUD)**

---

**FIN 1012**

## **NÓTA CLÚDAIGH**

|                           |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
|---------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir                                                                                                                                                                                                                                                          |
| dáta a fuarthas:          | 5 Deireadh Fómhair 2022                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |
| chuig:                    | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 351 final                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| Ábhar:                    | Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 maidir le buiséad ginearálta 2022: Bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh na Rúise san Úcráin Atreisiú an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta Laghdú i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus nuashonrú ar ioncaim Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 351 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 351 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 5.10.2022  
COM(2022) 351 final

2022/0318 (BUD)

**DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH UIMH. 5  
MAIDIR LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2022**

**Bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh na Rúise san Úcráin  
Atreisiú an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta  
Laghdú i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus nuashonrú ar ioncaim  
Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla**

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

- an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,
- Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh<sup>1</sup>, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,
- Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)<sup>2</sup>, agus go háirithe Airteagal 44 de,
- buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2022, a glacadh an 24 Samhain 2021<sup>3</sup>,
- lena leasaítear buiséad Uimh. 1/2022<sup>4</sup>, a glacadh an 5 Aibreán 2022,
- lena leasaítear buiséad Uimh. 1/2022<sup>5</sup>, a glacadh an 23 Meitheamh 2022,
- lena leasaítear buiséad Uimh. 1/2022<sup>6</sup>, a glacadh an 14 Meán Fómhair 2022,
- Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 4/2022<sup>7</sup>, a glacadh an 1 Iúil 2022,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann le buiséad 2022 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## **ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE**

Tá fáil ar na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III ar EUR-Lex (<https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-en.htm>).

---

<sup>1</sup> Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

<sup>2</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018.

<sup>3</sup> IO L 45, 24.2.2022.

<sup>4</sup> IO L 142, 20.5.2022.

<sup>5</sup> IO L 230, 5.9.2022.

<sup>6</sup> IO L xx, xx.x.2022.

<sup>7</sup> COM(2022) 350, 1.7.2022.

## **MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

### **1. RÉAMHRÁ**

Is é is cuspóir do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 5 i gcomhair na bliana 2022 taobhanna an chaiteachais agus an ioncaim den bhuiséad a nuashonrú chun na gcríoch seo a leanas:

- An maoiniú ar an nGníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch, ionstraim nua, a chuimsiú chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí cosanta is práinní agus is criticiúla trí chomhar na mBallstát a chothú maidir le soláthar coiteann, le suim dar méid EUR 83 mhilliún ón gcorrlach i gceannteideal 5.
- Na bearta éigeandála faoi shraith an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair a atreisiú, d'fhonn aisíocaíocht a dhéanamh leis na Ballstáit tar éis sraith ráigeanna de fhliú na nÉan agus d'Fhiabhras Afracach na Muc, le suim dar méid EUR 73,8 milliún.
- Tús áite a thabhairt don Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus é a atreisiú, chun go leanfar de chabhair chomhchineáil a chur ionsar an Úcráin. Ina theannta sin, déanfar héileacaptair agus eitleáin éadroma eile a léasú chun ullmhacht an Aontais a mhéadú maidir le haerchomhrac ar dhóiteáin in 2023 agus chun dlús a chur le soláthar acmhainneachtaí aeir buana. Chuige sin, molann an Coimisiún leas a bhaint as an gcorrlach iomlán atá fágtha i bhfo-cheannteideal 2b (EUR 130,8 milliún) chomh maith le roinnt leithreasuithe nár úsáideadh de chuid na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (EUR 7,8 milliún san iomlán).
- Rannchuidiú an Aontais leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí a atreisiú chun deacrachtaí oibríochtúla a sheachaint, le suim dar méid 0,7 milliún ón gcorrlach faoi cheannteideal 5.
- Caiteachas riaracháin agus pinsin faoi cheannteideal 7 a atreisiú le suim dar méid EUR 163 milliún mar thoradh ar bhoilsciú ard agus ar phraghsanna fuinnimh a bheith ag ardú go tapa.
- Leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoi chomhair an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus EU4Health a laghdú EUR 775 mhilliún agus EUR 129,2 milliún faoi seach. Ní fhéadfaí na méideanna sin a chuimsiú sna hath-leithdháiltí a moladh san 'ollaistriú' (DEC 16/2022) a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle an 5 Deireadh Fómhair.
- Agus an mhoill ar fhormheas shainordú nua 'ReFuelEU Aviation' le haghaidh Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa á cur san áireamh, tá sé beartaithe an méid comhfhreagrach ón gcúlchiste a thabhairt ar ais do líne an iompair na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, an líne ónar fritháiríodh é.
- Na meastacháin ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) a thabhairt cothrom le dáta agus, chomh maith leis sin, tionchar na ndifríochtaí sa ráta malairte a ionchorprú.

Ar an iomlán, is é tionchar glan an dréachtbhuiséid leasaithigh ar chaiteachas ná méadú EUR 447.5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus laghdú EUR 741.1 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Is é an tionchar foriomlán ar thaobh an ioncaim ná glanlaghdú EUR 3 779 milliún ar na ranníocaíochtaí OIN.

## 2. AN GNÍOMH UM THIONSCAL COSANTA NA hEORPA A ATREISIÚ TRÍ SHOLÁTHAR COMHOIBRÍOCH

De thoradh fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin, is rífhollas anois gur gá Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a chur in oiriúint don athrú struchtúrach agus gur gá cur leis an gcomhar idir na Ballstáit i réimse an tsoláthair cosanta. Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí cosanta is práinní agus is criticiúla, mhol an Coimisiún ionstraim thiomnaithe i gcomhair an ghearrthéarma a bhunú, an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch, le himchlúdach airgeadais iomlán EUR 500 milliún i gcomhair na tréimhse 2022 go 2024<sup>8</sup>. An tacaíocht airgeadais ón Aontas a chuirfear ar fáil tríd an ionstraim nua, ba cheart í a bheith ina spreagadh i leith soláthar cosanta comhoibríoch ina mbeadh roinnt Ballstát rannpháirteach agus ba cheart tairbhe a theacht aisti do Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí agus, ag an am céanna, ba cheart a áirithiú léi go mbeidh fórsaí armtha na mBallstát in ann gníomhú, le cinnteacht soláthair agus le hidir-inoibritheacht mhéadaithe.

I gcomhréir leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún, moltar sa dréachtbhuiséad leasaitheach seo líne buiséid thiomnaithe a chruthú le haghaidh caiteachas oibríochtúil agus EUR 83 mhilliún den chorrlach neamh-leithdháilte atá fágtha i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais faoi uasteorainn chaiteachais cheannteideal 5 (Slándáil agus Cosaint) in 2022 a leithdháileadh i gcúlchiste. I gcomparáid leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún, tá sé beartaithe méid thart ar EUR 0,7 milliún a chuimsiú in 2023, ionas go bhféadfar an t-atreisiú atá riachtanach a dhéanamh ar an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí in 2022 ón gcorrlach atá ar fáil faoi cheannteideal 5. Agus an t-am is gá chun tús a chur leis na hoibríochtaí á chur san áireamh, is in 2023 agus sna blianta ina dhiaidh sin a thiocfaidh na riachtanais íocaíochta chun cinn i dtaca leis an ionstraim chosanta i gcomhair an ghearrthéarma. Leagtar amach san iarscríbhinn bhuiséadach na hathruithe gaolmhara ar na nótaí tráchta buiséid.

EUR

| Líne buiséid                    | Ainm                                                                                 | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------|------------------------------------------|
| <i>Roinn III – An Coimisiún</i> |                                                                                      |                                          |                                          |
| 13 06 01                        | Ionstraim chosanta maidir le soláthar comhoibríoch, i gcomhair an ghearrthéarma      | p.m.                                     | p.m.                                     |
| 30 02 02                        | Leithreasuithe difreáilte ( <i>Cúlchiste i gcomhair airteagal buiséid 13 06 01</i> ) | 82 972 301                               | p.m.                                     |
| <b>Iomlán</b>                   |                                                                                      | <b>82 972 301</b>                        | <b>p.m.</b>                              |

## 3. BIA AGUS BEATHA

Maoiníonn snáithe an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair bearta díothaithe struchtúracha chomh maith le bearta éigeandála chun ráigeanna de ghalair ainmhithe agus lotnaidí planda a chomhrac, rud a ndéanann sé cómhaoiniú ina leith ar chostais incháilithe na mbeart arna ndéanamh ag na Ballstáit. Tar éis sraith ráigeanna tromchúiseacha de Fhliú Éanúil Ardphataigineach agus d'Fhiabhras Afracach na Muc sna Ballstáit, ní mór don Choimisiún aisíocaíocht a dhéanamh leis na Ballstáit as an gcaiteachas a thabhaigh siad cheana sna blianta 2019 agus 2020. Is é beagnach EUR 190 milliún an costas iomlán, agus tá thart ar a leath sin íochta cheana féin trí réamh-mhaoiniú. I bhfianaise scála na riachtanas, lena n-áirítear na riachtanais i dtaca le ráigeanna a tharla le déanaí, is mór is neamhleor buiséad 2022 dar luach EUR 19 milliún le haghaidh bearta éigeandála.

<sup>8</sup> COM(2022) 349, 19.7.2022.

Sa chomhthéacs sin, chun na hoibleagáidí dlíthiúla i leith na mBallstát a eascraíonn as cinntí deontais atá sínithe cheana a urramú, tá sé beartaithe na cistí atá ar fáil i gcomhair bearta éigeandála i mbuiséad 2022 a atreisiú le EUR 73,8 milliún. Sainithníodh dhá fhoinsé ath-leithdháilte i gceannteideal 1 (An margadh aonair, nuálaíocht agus inneachar digiteach) i gcomhair méid iomlán EUR 3,8 milliún, méid a eascraíonn as ioncam táillí níos airde ná mar a bhí coinne leis don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus as coigilteas don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margái (ESMA). Dá bhrí sin, molann an Coimisiún EUR 70 milliún den mhaoiniú a bhaint ón gcorrlach neamh-leithdháilte faoi uasteorainn chaiteachais cheannteideal 1. De réir meastacháin, is leordhóthanach na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil cheana i mbuiséad 2022.

EUR

| Líne<br>bhuiséid                | Ainm                                                                                                | Leithreasuithe<br>faoi chomhair<br>gealltanais | Leithreasuithe<br>faoi chomhair<br>íocaíochtaí |
|---------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------|------------------------------------------------|
| <i>Roinn III – An Coimisiún</i> |                                                                                                     |                                                |                                                |
| 03 02 06                        | Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí                   | 73 797 689                                     | 0                                              |
| 03 10 01 01                     | An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Reachtaíocht maidir le Ceimiceáin                            | - 2 500 000                                    | 0                                              |
| 03 10 01 02                     | An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Gníomhaíochtaí i réimse na reachtaíochta maidir le bithicídí | - 1 000 000                                    | 0                                              |
| 03 10 04                        | An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margái (ESMA)                                                     | - 297 689                                      | 0                                              |
| <b>Iomlán</b>                   |                                                                                                     | <b>70 000 000</b>                              | <b>0</b>                                       |

#### 4. ATREISIÚ AG AN SÁSRA AONTAIS UM CHOSAINT SHIBHIALTA AR AN ACMHAINNEACHT FREAGARTHA I DTACA LE TINTÉ FORAOISE A CHOMHRAC

Déanann an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta maoiniú ar bhearta cosanta sibhialta ríthábhachtacha, lena n-áirítear dóiteáin foraoise a chomhrac. I samhradh 2022, thosaigh na dóiteáin foraoise níos luaithe ná mar a thosaigh sna blianta roimhe sin agus ba dhéine na tinte iad. Leath an baol falascaí go limistéir nach raibh an baol sin roimhe iontu, agus bhí sin ina chúis le teagmhais a d'fhág fir dóiteáin ina dtaismigh agus bhí sé ina chúis freisin le mórscriosadh maoine agus caillteanas limistéar nádúrtha faoi chosaint, ar mhórscaála. Níorbh ionann tréith ná méid do na dóiteáin foraoise, agus bhraith an éagsúlacht sin ar an timpeallacht nádúrtha; chun acmhainneacht comhraic tine a bheith éifeachtach, tá gá le haerárthaí móra, ach tá gá freisin le trealamh sofhónta, amhail eitleáin éadroma, héileacaptair agus sócmhainní talún chun déileáil le himthosca éagsúla. Tá an fháil theoranta atá ar na hacmhainneachtaí speisialaithe sin ina laige mhór fós maidir le freagairt an Aontais ar ghéarchéimeanna.

In aitheasc na bliana seo ar Staid an Aontais Eorpaigh, d'fhógair an tUachtarán Von der Leyen go bhfuiltear ag brath ar dhúbailt a dhéanamh ar na hacmhainneachtaí atá ag an Aontas le haghaidh dóiteáin a chomhrac ón aer, le deich n-aerárthach amfaibiacha éadroma agus trí héileacaptar bhreise. Déanfar atreisiú an fhliú aeir a áirithiú de chéadair trí bhithin léasú sealadach chun a ráthú go mbeidh na hacmhainneachtaí breise sin ar fáil le haghaidh shamhradh 2023 agus 2024. Ag an am céanna, cuirfear dlús le hullmhú flít bhuain de chóiracha aeir, rud a bhfuil tús curtha lena sholáthar, chun an ullmhacht d'fhalscaithe a mhéadú. Tiocfaidh an flít buan sin ar fáil de réir a chéile idir 2024 agus 2030.

Agus sin á dhéanamh, ní mór a áirithiú go leanfaidh an chabhair leanúnach ón Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta le linn mhíonna deireanacha na bliana seo do dhaoine atá ag teitheadh as an Úcráin. I bhfianaise scála agus fhad na riachtanas, ní leor an t-atreisiú a cuireadh ar fáil i mbliana.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú trí na riachtanais bhuiséadacha a atreisiú agus a thús-ualú in DBL 5/2022 atá ann (EUR 138,6 milliún) agus i Litir Leasaitheach 1/2023 a ghabhann le Dréachtbhuiséad 2023 (EUR 41,4 milliún), a cuireadh, iad araon, faoi bhráid na

Parlaiminte agus na Comhairle an 5 Deireadh Fómhair 2022. An méid foriomlán EUR 180 milliún thar 2022-2023, is éard atá ann EUR 10 milliún le haghaidh gníomhaíochtaí agus moil an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta (i ndáil le cabhair a sheachadadh chun na hÚcráine), EUR 55 mhilliún le haghaidh ullmhacht do shéasúr falscaithe 2023-2024, go háirithe léasú héileacaptar agus eitleán éadrom, EUR 90 milliún chun héileacaptair a cheannach agus EUR 25 mhilliún chun aerárthaí troma a cheannach. Rinneadh foráil cheana féin, sa chlársceidealú tosaigh, maidir le ceannach héileacaptar agus aerárthaí, ach tá sé beartaithe dlús a chur le forbairt fhlít bhuain rescEU agus, i dtaca leis sin de, déanfar an EUR 115 mhilliún a thugtar ina leith a chúiteamh le laghdú comhfhreagrach in 2026 agus 2027.

Cumhdaítear na comhpháirteanna seo a leanas le hatreisiú 2022 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais:

- EUR 10 milliún chun cabhair chomhchineáil ó na Ballstáit a chur ionsar an Úcráin agus chun aslonnuithe leighis a áirithiú;
- EUR 28 milliún chun ullmhacht an Aontais do shéasúr falscaithe 2023 a atreisiú, go háirithe trí thús a chur le léasú aerárthaí éadroma agus héileacaptar. Ina theannta sin, líonfaidh sé sin an bhearna go dtí go mbeidh flít buan rescEU faoi lán seoil (féach an pointe thíos);
- EUR 100,6 milliún chun dlús a chur le forbairt flít bhuain de chuid rescEU trí bhíthin aerárthaí troma agus héileacaptair an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta a bheith á soláthar ag na Ballstáit. De réir an phlean atá ann faoi láthair, tiocfaidh an flít buan sin ar fáil de réir a chéile idir 2026 agus 2030. Ach an méid sin a thús-ualú, chuideofaí dlús a chur leis an soláthar ionas gurbh fhéidir na chéad héileacaptair a bheith ar fáil go luath le 2024/2025 agus na haerárthaí troma a ordú agus a sheachadadh níos tapúla. Cúiteofar an méid EUR 100,6 milliún trí laghdú comhfhreagrach in 2026 agus 2027.

Sainaithníodh dhá fhoinsé athleithdháilte i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais i mbuiséad 2022 faoi fho-cheannteideal 2b, agus den mhéid a sainaithníodh is ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach a eascraíonn EUR 6,2 milliún. Is léiriú é sin ar an méid go ndearnadh ní ba lú iarratas ná a measadh a dhéanfaí i dtaca le táirgí íocshláinte dílleachtacha, go bhfuarthas ioncam ó tháillí ní b'airde i dtaca le hiarratais eile agus gur cuireadh siar, de bheagán, cur chun feidhme an tsainordaithe fhadaíthe. Baineann EUR 1,5 milliún eile le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus eascraíonn sé as costais aistriúcháin níos ísle de bharr aois na gcáschomhad agus costais imscrúdaithe níos ísle. Maidir leis an gcuid eile den EUR 130,8 milliún, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leas a bhaint as an gcorrlach iomlán neamh-leithdháilte faoi uasteorainn chaiteachais fho-cheannteideal 2b (Athléimneacht agus luachanna). Ní iarrtar aon leithreasú breise faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta in 2022, agus os a choinne sin cuimsítear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhaineann le EMA agus OIPE san 'Ollaistriú' (DEC 16/2022).

EUR

| Líne bhuiséid                   | Ainm                                                                  | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---------------------------------|-----------------------------------------------------------------------|------------------------------------------|------------------------------------------|
| <i>Roinn III – An Coimisiún</i> |                                                                       |                                          |                                          |
| 06 05 01                        | An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU)                      | 138 569 459                              | 0                                        |
| 06 10 03 01                     | Rannchuidiú an Aontais leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach     | - 4 754 000                              | 0                                        |
| 06 10 03 02                     | Ranníocaíocht speisialta le haghaidh táirgí íocshláinte dílleachtacha | - 1 476 000                              | 0                                        |
| 07 10 08                        | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)                      | - 1 525 000                              | 0                                        |
| <b>Iomlán</b>                   |                                                                       | <b>130 814 459</b>                       | <b>0</b>                                 |

## 5. AN LÁRIONAD FAIREACHÁIN EORPACH UM DHRUGAÍ AGUS UM ANDÚIL I nDRUGAÍ (EMCDDA)

Molann an Coimisiún ranníocaíocht an Aontais leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí a atreisiú le EUR 0,7 milliún ón gcorrlach neamh-leithdháilte atá fágtha faoi uasteorainn chaiteachais cheannnteideal 5 (Slándáil agus Cosaint). Tá an t-atreisiú sin riachtanach ionas nach mbeidh gá le laghdú breise a dhéanamh ar na príomhghníomhaíochtaí chun costais tuarastail mhéadaithe a sheasamh. Leis an atreisiú buiséid a iarrtar, beidh an ghníomhaireacht in ann príomhinfheistíochtaí TFC a dhéanamh le haghaidh na cibearshlándála.

Mhol an Coimisiún atreisiú comhfhreagrach ar iarratais íocaíochta san ‘Ollaistriú’ (DEC 16/2022).

EUR

| Líne<br>bhuiséid                | Ainm                                                                         | Leithreasuithe<br>faoi chomhair<br>gealltanais | Leithreasuithe<br>faoi chomhair<br>íocaíochtaí |
|---------------------------------|------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------|------------------------------------------------|
| <i>Roinn III – An Coimisiún</i> |                                                                              |                                                |                                                |
| 12 10 03                        | An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) | 700 000                                        | 0                                              |
| <b>Iomlán</b>                   |                                                                              | <b>700 000</b>                                 | <b>0</b>                                       |

## 6. GNÍOMHAIREACHT SÁBHÁILTEACHTA EITLÍOCHTA NA hEORPA (EASA)

Tá sé d’aidhm ag an togra maidir le hEitlíocht ReFuelEU<sup>9</sup> cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe, rud lena mbaineann cúraimí breise do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, go háirithe sonraí a chur ar fáil do na húdaráis inniúla náisiúnta maidir leis an mbreosla eitlíochta a chuirtear in aerárthaí in aerfoirt an Aontais. Nó go nglactar an togra reachtach, tá méid sonrach i mbuiséad 2022 chun na críche sin ar an líne chúlchiste EUR 1,8 milliún. I bhfianaise na moille is léir sa phróiseas reachtach, tá sé beartaithe an méid comhfhreagrach a thabhairt ar ais d’airteagal buiséid 02 03 01 SCE, an t-airteagal ónar fritháiríodh é de chéadair.

EUR

| Líne<br>bhuiséid | Ainm                                                                                 | Leithreasuithe faoi<br>chomhair<br>gealltanais | Leithreasuithe faoi<br>chomhair<br>íocaíochtaí |
|------------------|--------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------|------------------------------------------------|
| 02 03 01         | An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) — Iompar                                   | 1 800 000                                      | 1 800 000                                      |
| 30 02 02         | Leithreasuithe difreáilte ( <i>Cúlchiste i gcomhair airteagal buiséid 02 10 01</i> ) | -1 800 000                                     | -1 800 000                                     |
| <b>Iomlán</b>    |                                                                                      | <b>0</b>                                       | <b>0</b>                                       |

## 7. AN RÍARACHÁN POIBLÍ EORPACH

Bíonn tionchar mór ag boilsciú ard agus ag ardú tapa ar phraghsanna fuinnimh ar chaiteachas riaracháin na n-institiúidí, agus ar phinsin agus ar scoileanna Eorpacha. Tá iarracht déanta ag an gCoimisiún srian a chur lena chaiteachas riaracháin trí bheartas foirne cobhsaí a choinneáil ar bun, beartas atá ag éirí níos dúshlánaí i rith an ama, agus trí laghduithe suntasacha a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir ar chaiteachas nach mbaineann le tuarastal e.g. caiteachas a bhaineann le cruinnithe agus misin.

Ar an gcaoi chéanna, tá gach iarracht ab fhéidir déanta ag na h-institiúidí eile riachtanais bhreise a chumhdach trí acmhainní atá ann cheana a ath-leithdháileadh agus infheistíochtaí neamhéigeantacha a chur ar atráth. Mar sin féin, is gá atreisiú a dhéanamh i ndáil le caiteachas riaracháin na n-institiúidí, cé is moite den Chomhairle, de Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus den Ombudsman Eorpach, arae níl gá le haon atreisiú ina leith siúd.

<sup>9</sup> COM(2021) 561, 14.7.2021.

Tá gá leis an atreisiú sin go háirithe chun an nuashonrú tuarastail a bhfuil coinne leis le haghaidh 2022 a chur san áireamh. I gcomhréir le hAirteagal 64 agus le hAirteagal 65 de na Rialacháin Foirne, déantar luach saothair oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh a nuashonrú gach bliain, i bhfianaise tuarascáil arna tiolacadh ag an gCoimisiún, bunaithe ar shonraí staidrimh arna n-ullmhú ag Eurostat i gcomhaontú le hoifigí staidrimh náisiúnta na mBallstát, lena léirítear an staid sna Ballstáit an 1 Iúil. Bunaítear ríomh an nuashonraithe ar phrionsabal na comhthreomhaireachta idir éabhlóidiú luach saothair réadach (glan ar bhoilsciú) oifigigh an Aontais agus státseirbhísigh náisiúnta na mBallstát. Tugann sé san áireamh an éifeacht chumaise a imríonn dhá phríomh-athróg:

- Éabhlóidiú bliantúil fíorthuarastal státseirbhíseach i rialtais láir sampla de dheich cinn de Bhallstát ar mó a OTI comhiomlán ná 75 % de OTI an Aontais.
- Boilsciú bliantúil sa Bhruiséil agus i Lucsamburg arna ríomh tríd an mboilsciú náisiúnta ar phraghsanna do thomhaltóirí agus é sin arna thomhas le hInnéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) na Beilge agus le Praghasinnéacs Tomhaltóirí (PIT) Lucsamburg a ualú de réir dháileadh fhoireann an Aontais atá ar seirbhís sna Ballstáit sin.

I mbuiséad 2022, ba é 2.5 % (tionchar 6 mhí) ráta réamh-mheasta an nuashonraithe tuarastail agus é sin le cur i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 1 Iúil 2022. Ríomh seirbhísí an Choimisiúin an ráta sin i mí na Samhna 2021, bunaithe ar mheasúnú ar éabhlóidiú na cumhachta ceannaigh agus an chostais mhaireachtála sa tréimhse tagartha (1 Iúil 2021-30 Meitheamh 2022), de réir an mhodha a fhorordaítear sna Rialacháin Foirne.

I gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, eiseofar tuarascáil Eurostat maidir leis an mbabhta reatha an 31 Deireadh Fómhair, agus leagfar amach inti an coigeartú a dhéanfar ar ghlanluach saothair ainmniúil oifigigh an Aontais Eorpaigh sa Bhruiséil agus i Lucsamburg le héifeacht ó mhí Iúil 2022 chun forbairt na cumhachta ceannaigh a choinneáil i gcomhthreomhaireacht le forbairt chumhacht cheannaigh na státseirbhíseach náisiúnta sna Ballstáit. Cé nach nglacfar an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa<sup>10</sup> go dtí mí na Samhna, is iomchuí gan fanacht go dtí sin, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an staid faoi láthair, agus sin a dhéanamh gan dochar don tuarascáil deiridh sin, ós rud é gurb an-mhór is dócha go mbeidh an nuashonrú tuarastail níos airde ná an nuashonrú a úsáideadh nuair a bhí buiséad 2022 á leagan síos. Go háirithe, an tomhas oifigiúil ar an mboilsciú a foilsíodh sa Bheilg agus i Lucsamburg maidir leis an tréimhse ábhartha, tá sé i bhfad níos airde ná a tuaradh de chéaduaire (8,6 %). Ag an am céanna, meastar go dtiocfaidh laghdú -3.9 % ar an gcumhacht cheannaigh sna deich mBallstát shamplacha. Ina theannta sin, de réir na réamh-mheastachán eacnamaíoch is déanaí, meastar go sroichfidh OTI an Aontais, in 2022, an leibhéal 'réamh-ghéarchéime' eadhon leibhéal 2019, rud a mbeidh de thoradh air go scaoilfear chun cinn nuashonrú 2020 na cumhachta ceannaigh dar méid 2,5 % a coinníodh ar fionraí, i gcomhréir le hAirteagal 11 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Ina theannta sin, as siocair nuashonrú idirmheánach 2,4 % ar thuarastail agus ar phinsin, tháinig caiteachas breise sa chéad sé mhí de 2022, rud nár cuimsíodh i mbuiséad 2022.

Léireofar tionchar na dtoimhdí athbhreithnithe ar an mbliain airgeadais 2023 i Litir Leasaitheach 1/2023 a ghabhann leis an Dréachtbuiséad le haghaidh 2023.

<sup>10</sup> Le hAirteagal 65(1) de Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, cuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún sonraí a sholáthar a bhaineann leis an tionchar buiséadach a imríonn luach saothair agus pinsin oifigigh an Aontais i bhfianaise nuashonrú 2022 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais agus leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo.

Ós rud é go bhfuil amú na tuarascála leagtha amach go soiléir in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne eadhon deireadh mhí Dheireadh Fómhair, bheadh sé ródhéanach dréachtbhuiséad leasaitheach a mholadh go foirmiúil faoin am a ndéanfaí cinneadh deiridh maidir leis an ráta. Mar sin féin, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais agus an bhuiséadaithe chruinn, tá údar maith le togra chun na leithreasuithe buiséadacha a bhaineann le tuarastail agus pinsin a mhéadú.

I dteannta na n-eilimintí thuas, tá an t-ardú mór ar phraghsanna fuinnimh ina chúis le caiteachas breise nach raibh coinne leis go dtí deireadh 2022, rud a éilíonn atreisiú buiséadach i gcás fhormhór na nInstitiúidí chun go mbeidh siad in ann na hoibleagáidí conarthacha gaolmhara uile a chomhlíonadh. I gcás na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí go háirithe, titfidh ualach breise uirthi mar gheall ar a neamhchosaint shuntasach ar luaineachtaí ráta malairte. Mar thoradh air sin, tá tionchar mór ag an laghdú ar luach an euro ar chur chun feidhme a buiséid, rud a fhágann go bhfuil riachtanais bhreise gan choinne aici.

Ar an iomlán, is é atá i gceist leis an togra an caiteachas neamhdhifreáilte faoi cheannteideal 7 (An Riarachán Poiblí Eorpach) a mhéadú EUR 163 milliún le haghaidh 2022, agus EUR 11,7 milliún den mhéid sin don Choimisiún, EUR 78,2 milliún do phinsin foirne agus do phinsin Chomhaltaí na n-institiúidí uile, EUR 8,9 milliún do na Scoileanna Eorpacha agus EUR 64,3 milliún do na hInstitiúidí rannpháirteacha eile go léir.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

*Méideanna (in EUR)*

|                                               | <b>Buiséad 2022 (lena n-áirítear BLanna 1-3/2022 - DBL 4/2022)</b> | <b>Dréachtbhuiséad Leasaitheach 5/2022</b> | <b>Buiséad 2022 (lena n-áirítear BLanna 1-3/2022 - DBLanna 4-5/2022)</b> |
|-----------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------|
| <b>Pinsin agus Scoileanna Eorpacha</b>        | 2 332 178 613                                                      | 87 067 538                                 | 2 419 246 151                                                            |
| Pinsin                                        | 2 124 614 000                                                      | 78 214 000                                 | 2 202 828 000                                                            |
| Scoileanna Eorpacha                           | 207 564 613                                                        | 8 853 538                                  | 216 418 151                                                              |
| <b>Caiteachas riaracháin na n-institiúidí</b> | 8 287 945 712                                                      | 75 971 088                                 | 8 363 916 800                                                            |
| An Coimisiún                                  | 3 868 129 450                                                      | 11 700 000                                 | 3 879 829 450                                                            |
| Institiúidí eile                              | 4 419 816 262                                                      | 64 271 088                                 | 4 484 087 350                                                            |
| Parlaimint na hEorpa                          | 2 112 164 198                                                      | 48 747 088                                 | 2 160 911 286                                                            |
| An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle      | 611 473 556                                                        | 0                                          | 611 473 556                                                              |
| Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh       | 464 774 000                                                        | 3 080 000                                  | 467 854 000                                                              |
| An Chúirt Iniúchóirí                          | 162 141 175                                                        | 0                                          | 162 141 175                                                              |
| Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa   | 150 871 643                                                        | 1 580 000                                  | 152 451 643                                                              |
| Coiste na Réigiún                             | 108 376 858                                                        | 1 600 000                                  | 109 976 858                                                              |
| An tOmbudsman Eorpach                         | 12 097 411                                                         | 0                                          | 12 097 411                                                               |
| An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí      | 20 202 000                                                         | 64 000                                     | 20 266 000                                                               |
| An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí  | 777 715 420                                                        | 9 200 000                                  | 786 915 420                                                              |
| <b>Iomlán</b>                                 | <b>10 620 124 325</b>                                              | <b>163 038 626</b>                         | <b>10 783 162 951</b>                                                    |

Seo a leanas an tionchar foriomlán de réir na Ranna:

## Roinn I – Parlaimint na hEorpa

*Méideanna in EUR*

| Líne<br>bhuiséid | Ainm                                                                                                 | Leithreasuithe<br>faoi chomhair<br>gealltanas | Leithreasuithe<br>faoi chomhair<br>íocaíochtaí |
|------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------|------------------------------------------------|
| 1 0 2            | Liúntais idirthréimhseacha                                                                           | 28 464                                        | 28 464                                         |
| 1 0 0 0          | Tuarastail                                                                                           | 1 907 856                                     | 1 907 856                                      |
| 1 0 3 1          | Pinsin easláine (PEAM)                                                                               | 4 560                                         | 4 560                                          |
| 1 0 3 2          | Pinsin mharthanóra (PEAM)                                                                            | 46 656                                        | 46 656                                         |
| 1 2 0 0          | Luach saothair agus liúntais                                                                         | 17 015 352                                    | 17 015 352                                     |
| 1 2 0 2          | Ragobair ar íocaíocht                                                                                | 2 400                                         | 2 400                                          |
| 1 2 2 0          | Liúntais don fhoireann a chuaigh ar scor nó a cuireadh ar scor chun leas na seirbhíse                | 65 280                                        | 65 280                                         |
| 1 4 0 0          | Foireann eile — Ardrúnaíocht agus grúpaí polaitiúla                                                  | 1 639 056                                     | 1 639 056                                      |
| 1 4 0 1          | Foireann eile — Slándáil                                                                             | 959 832                                       | 959 832                                        |
| 1 4 0 2          | Foireann eile — Tíománaithe san Ardrúnaíocht                                                         | 182 400                                       | 182 400                                        |
| 1 4 0 4          | Tréimhsí oiliúna, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, malartuithe oifigeach agus cuairteanna staidéir | 240 288                                       | 240 288                                        |
| 1 4 0 5          | Caiteachas ar ateangaireacht: ateangaireacht sheachtrach                                             | 1 153 080                                     | 1 153 080                                      |
